Ríomhiris phiarmheasta do Léann na Gaeilge

COMHAR*Taighde*

Treoracha scríbhneoireachta

Nuashonraithe: Eanáir 2018

1.0 Réamhrá

Cuireadh tús sa bhliain 2015 le hiris acadúil bhliantúil nua agus í sin piarmheasta ag foireann scoláirí ó institiúidí in Éirinn agus thar lear. Foilsítear saothar scolártha den chaighdeán is airde san iris seo, **COMHAR*Taighde*,** sna réimsí seo a leanas de léann na Nua-Ghaeilge go háirithe: critic na litríochta agus an chultúir, léann na n-amhrán agus na dtraidisiún béil, agus sochtheangeolaíocht na Gaeilge. D'fhonn freastal ar phobal domhanda na Gaeilge in Éirinn agus thar lear, foilsítear an iris ar bhonn saor-rochtana trí mheán an idirlín. Creidtear nach mbeidh an iris seo in iomaíocht le haon tréimhseachán aitheanta eile, ach go bhfuil fóram nua piarmheasta á sholáthar aici do thaighdeoirí i réimsí léinn nach bhfuil an oiread sin láithreacha foilsithe ar fáil dóibh faoi láthair. Tá an togra ag eascairt as traidisiún fada na hirise míosúla *Comhar* mar láthair smaointeoireachta agus as bunfhealsúnacht na hirise maidir le scaipeadh thorthaí an léinn ar an bpobal is léithne.

2.0 Foireann

Triúr atá freagrach as an gcúram eagarthóireachta:

- An tOllamh Máirín Nic Eoin [*Emerita*, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath]
- An Dr Liam Mac Amhlaigh [Ollscoil Mhá Nuad]
- An Dr Máirtín Coilféir [Ollscoil Naomh Micheál, Toronto]

3.0 Bord comhairleach eagarthóireachta

D'fhonn na caighdeáin is airde a leagan amach don ríomhiris seo, agus chun tarraingt ar chomhairle leathan údárasach, tá bord comhairleach acadúil idirnáisiúnta ceapaithe do **COMHAR*Taighde***, agus is iad baill an bhoird sin:

- An tOllamh Angela Bourke [*Emerita,* An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath]
- An tOllamh Ruairí Ó hUiginn [Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath]]
- An tOllamh Pádraig Ó Macháin [Coláiste na hOllscoile, Corcaigh]
- An tOllamh Roibeárd Ó Maolalaigh [Ollscoil Ghlaschú]
- An tOllamh Gregory Toner [Ollscoil na Banríona, Béal Feirste]
- An tOllamh Fionntán de Brún [Ollscoil Mhá Nuad]
- An tOllamh Philip O'Leary [Boston College]
- An tOllamh Pádraig Ó Siadhail [Ollscoil Naomh Muire, Halifax, Nova Scotia]
- An tOllamh Brian Ó Conchubhair [Ollscoil Notre Dame, Indiana]
- An Dr Caoimhín Mac Giolla Léith [An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath]
- An Dr John Walsh [Ollscoil na hÉireann, Gaillimh]
- An Dr Eoin Mac Cárthaigh [Coláiste na Tríonóide]
- An Dr Brian Ó Curnáin [Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath]
- An Dr Ríona Nic Congáil [Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath]

Cuidíonn an bord saineolaithe seo leis na rúibricí agus na cleachtais acadúla is fearr a dhearbhú, chomh maith le comhairle rialta a chur ar fáil maidir le hábhar, stíl, leagan amach agus dul chun cinn na ríomhirise. Bíonn an fhoireann eagarthóireachta ag súil le tacaíocht ón mbord comhairleach freisin maidir le poibliú na hirise i measc phobal léann na Gaeilge i gcoitinne agus maidir le scoláirí Nua-Ghaeilge a spreagadh le hábhar ardchaighdeáin a chur ina treo.

4.0 Cur chuige

Bíonn sé mar aidhm ag an bhfoireann eagarthóireachta eagrán amháin de COMHAR*Taighde* a fhoilsiú faoin 1 Deireadh Fómhair gach bliain acadúil ar an suíomh idirlín: www.comhartaighde.ie.

Seo a leanas bunphrionsabail phiarmheastóireachta na hirise:

- Bíonn an próiseas piarmheastóireachta ar fad anaithnid. Ní bhíonn a fhios ag an scríbhneoir cén piarmheastóir atá acu ná ní bhíonn a fhios ag an bpiarmheastóir cén scríbhneoir atá acu;
- Léann beirt phiarmheastóirí na hailt agus déanann moltaí chun feabhais;
- Ní iarrtar ar aon phiarmheastóir níos mó ná alt amháin a léamh in aon bhliain ar leith;
- Bíonn amlíne dhocht i bhfeidhm do na piarmheastóirí leis na hailt a léamh agus a mheas;
- Bíonn ar scríbhneoirí cloí le bileog stíle ina mínítear an teorainn focal, an córas tagartha a úsáidtear, gnéithe den stíl tí, an leagan amach (spásáil idir na línte, srl);
- Bítear ag súil le moltaí géarchúiseacha, diana ó na piarmheastóirí agus tuairim ionraic uathu maidir le cé acu an mbaineann an t-ábhar na caighdeáin chuí amach nó nach mbaineann; agus
- Bítear ag súil gur féidir le gach scríbhneoir leasuithe cuimsitheacha a dhéanamh ar ábhar a n-alt, agus moltaí na bpiarmheastóirí á gcur san áireamh acu

5.0 Treoir agus stíl tí na ríomhirise

COMHAR*Taighde:* Treoir agus Stíl Tí

Is é **1 Feabhra 2018** an spriocdháta don chéad eagrán eile de COMHAR*Taighde*. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta sin ná le hiarratais nach gcloíonn leis an stíl tí seo. Seoltar iarratais chuig comhartaighde@comhar.ie.

Ailt agus achoimrí a chur isteach

- Ní mór na cáipéisí seo a leanas a chur ar fáil le gach iarratas:
  - a) leathanach teidil;
  - b) an t-alt féin;
  - c) achoimre ar an alt;
  - d) nóta beathaisnéise; agus
  - e) achoimre ar an alt i mBéarla.
- Bíodh ainm an údair, an institiúid lena mbaineann sé/sí, seoladh ríomhphoist agus teideal an ailt ar an leathanach teidil (mura mbíonn ceangal institiúideach i gceist, téigh i gcomhairle le heagarthóirí na hirise).
- Ná luaitear ainm an údair san alt féin ná san achoimre.

Líon na bhfocal

- Glactar le hailt ina bhfuil 5,000-6,000 focal, leabharliosta san áireamh. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh líon na bhfocal le méadú nó le laghdú tar éis aiseolas na bpiarmheastóirí a chur san áireamh.
- Bíodh 250-400 focal san achoimre.

An phiarmheastóireacht agus an próiseas athbhreithnithe

- Ní gá go gcuirfí gach alt ar aghaidh chuig piarmheastóirí. Is iad na heagarthóirí a dhéanann breith i dtosach maidir lena fheiliúnaí is atá an t-alt don iris. Sa chás go síltear nach

bhfeileann an t-alt do *COMHARTaighde*, cuirfear an t-údar ar an eolas a thúisce agus is féidir.

- Má chuirtear alt ar aghaidh chuig piarmheastóirí féachtar le haiseolas a sholáthar don údar faoi cheann trí mhí. Coinneoidh na heagarthóirí an t-údar ar an eolas má bhíonn moill ann. Uaireanta, glacann sé tamall socruithe oiriúnacha piarmheastóireachta a dhéanamh.
- Tar éis don údar aiseolas a fháil ó na heagarthóirí, ní mór dó/di iarracht choinsiasach a dhéanamh gach mír den aiseolas sin a chur i bhfeidhm. Má shíleann na heagarthóirí nach leor é an t-athbhreithniú atá déanta ar an alt, d'fhéadfadh sé tarlú go ndiúltófaí an t-alt ag an bpointe sin.
- Fiú agus athbhreithniú substaintiúil déanta ag an údar ar an alt, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh tuilleadh babhtaí athscríofa/eagarthóireachta i gceist chun é a thabhairt chun feabhais.
- Iarrtar ar údair a bheith ar fáil do na babhtaí athscríofa/eagarthóireachta sin sna míonna tar éis dóibh alt a chur faoi bhráid *COMHARTaighde*.

Litriú, gramadach agus poncaíocht

- Cloítear le *Caighdeán Oifigiúil na Gaeilge* 2017 do ghramadach na Gaeilge san alt (sleachta athfhriotail as an áireamh). Tá an Caighdeán ar fáil ag: http://www.oireachtas.ie/parliament/media/translators/An-Caighde%C3%A1n-Oifigi%C3%BAil-2017.pdf.
- Úsáidtear uaschamóga singile (') le tús a chur le hathfhriotal. Úsáidtear uaschamóga dúbailte (") le hathfhriotal laistigh den athfhriotal a chur in iúl. (Léigh freisin an chuid thíos ar chúrsaí athfhriotail.)
- Nuair a thagann uaschamóg agus camóg le chéile, is *laistigh* den uaschamóg a chuirtear an chamóg.
- Cloítear le *bunlitriú* na sleachta athfhriotail ach cloítear le stíl *COMHARTaighde* maidir leis an *bponcaíocht* (camóga agus uaschamóga) sna sleachta céanna.

Córas tagartha agus athfhriotail

- Úsáidtear córas tagartha Harvard (féach thíos le haghaidh treoracha beachta).
- Bíodh gach sliocht athfhriotail san alt cruinn agus dílis dá bhuntéacs. D'fhéadfadh sé tarlú go n-iarrfaí ar an údar sleachta a dhearbhú má bhíonn aon amhras ann faoina gcruinneas.
- Seachnaítear fonótaí.
- Coinnítear sleachta athfhriotail atá níos lú ná 40 focal i gcorp an téacs.
- Tosaítear alt nua eangaithe nuair atá níos mó ná 40 focal sa sliocht athfhriotail.
- Agus raon leathanach á lua mar chuid de thagairt, tugtar gach digit de na huimhreacha leathanach atá i gceist (m.sh. 14-18, 413-417, 1132-1141.)
- Le briseadh eagarthóireachta nó bearna sa téacs a chur in iúl:
    - Más bearna san aon abairt amháin atá i gceist, úsáidtear trí phonc agus spás ar gach aon taobh díobh. Féach, mar shampla, tús 'Íosagán' le Pádraic Mac Piarais:
        - 'Bhí sean-Mhaitias … le hais a dhorais'.
    - Más bearna í a sháraíonn deireadh na habairte reatha, úsáidtear ceithre phonc, i.e. na trí phonc thuasluaite móide an lánstad a bhfuiltear ag léim thairis. Bíodh spás ar gach aon taobh de na poncanna. Mar shampla:
        - 'Bhí sean-Mhaitias ina shuí …. chomh ciúin, chomh socair sin'.

- Is féidir na poncanna eagarthóireachta a chur idir lúibíní cearnógacha má tá baol débhrí ann nó má tá na poncanna le taobh marc poncaíochta eile. Mar shampla:
    - ‘Bhí sean-Mhaitias ina shuí le hais a dhorais. […] Bhí a cheann cromtha aige’.

Cló agus spásáil

- Úsáidtear Times New Roman nó Arial mar chló, méid 12. Úsáidtear an cló céanna, méid 11 le haghaidh athfhriotail eangaithe.
- Bíodh spásáil dhúbailte idir na línte san alt.
- Bíodh spás aonair (seachas spás dúbailte) ag deireadh abairte.

Ceannlitreacha, dátaí, uimhreacha

- Seachnaítear ceannlitreacha i dteideal an ailt ach amháin i gcás ainmfhocal cinnte.
- Maidir le teidil saothar a cheadaítear, cloítear leis an bponcaíocht agus leis na ceannlitreacha atá ar an teideal sa bhuntéacs féin.
- I gcás dátaí a luaitear i gcorp an ailt, cloítear leis an múnla seo: ‘ar an 12 Márta 2013,’ ‘ar an 31 Eanáir 1958,’ srl.
- Úsáidtear digití le huimhreacha os cionn fiche (20) a chur in iúl: ‘trí ghluaisteán,’ ‘fiche gluaisteán,’ ‘21 gluaisteán,’ ‘63 gluaisteán,’ srl. (Uaireanta déantar eisceacht de sin agus staitisticí á bplé.)

Fotheidil

- Is ceadmhach fotheidil a úsáid san alt má shíleann an t-údar iad a bheith feiliúnach. D’fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar údar fotheidil a chur isteach nó a bhaint amach freisin, ag brath ar chruth deiridh an ailt féin.

Leabhareolas

- Úsáidtear an teideal ‘Saothair a ceadaíodh’ ag barr an leabharliosta i gcónaí.
- Ní mór don údar a dhearbhú go bhfuil teideal gach saothair sa leabharliosta litrithe mar atá sé sa bhuntéacs féin: ceannlitreacha sna háiteanna cearta, srl. D’fhéadfadh sé tarlú go n-iarrfaí ar an údar na hiontrálacha a dhearbhú má bhíonn aon amhras ann faoina gcruinneas.
- Má shíleann an t-údar gur feiliúnach an leabharliosta a roinnt ina rannóga, is ceadmhach é sin a dhéanamh (mar shampla: ‘Foinsí neamhfhoilsithe,’ ‘Lámhscríbhinní,’ ‘Ábhar cartlainne,’ ‘Foinsí clóite eile’). Féach nach dteastaíonn a leithéid i gcónaí.

Íomhánna agus míreanna eile ilmheáin

- Is féidir íomhánna, míreanna fuaime agus míreanna físe a úsáid sna hailt ach ní mór dóibh a bheith ar chaighdeán feiliúnach don fhoilsitheoireacht ar líne.
- Ní mór don údar a léiriú go bhfuil na cearta cuí faighte aige/aici chun an t-ábhar ilmheáin a úsáid.
- Ní mór na féidearthachtaí seo ar fad a fhiosrú leis na heagarthóirí nuair a chuirtear an t-alt chun bealaigh ar dtús.

COMHAR*Taighde*
Córas Harvard

Bíonn dhá rud i gceist le córas tagartha Harvard:

1. An tagairt ghonta a dhéantar **i gcorp an ailt** féin (*citation*)
2. An tagairt iomlán a dhéantar sa **leabharliosta** ag deireadh an ailt (*bibliography*).

Tagairtí i gcorp an ailt

Go hiondúil, bíonn trí mhír sna tagairtí inmheánacha: a) **sloinne** an údair, b) an **bhliain** a foilsíodh an saothar; agus c) **uimhir** an leathanaigh (más leabhar nó alt é):

> Tá sé ráite ag saineolaí amháin go ndéanann an foréigean ar an teilifís dochar don mheabhairshláinte (Ó Ríordáin 1997: 43).

Má tá sé soiléir cheana cén t-ainm atá ar an údar nó cén bhliain a foilsíodh an saothar, ní gá iad a lua arís. Mar shampla:

> Tá sé ráite ag Ó Ríordáin go ndéanann an foréigean ar an teilifís dochar don mheabhairshláinte (1997: 43).

Más le beirt údar an fhoinse, tugtar an dá shloinne sa tagairt inmheánach:

> Tá sé ráite ag saineolaithe go ndéanann an foréigean ar an teilifís dochar don mheabhairshláinte (Ó Ríordáin agus Ní Chearúil 1997: 43).

Más le triúr údar nó níos mó an fhoinse, tugtar sloinne an chéad údair agus úsáidtear na focail '*et al.*' (agus cló iodálach orthu) leis na sloinnte eile a thabhairt le fios:

> Tá sé ráite ag saineolaithe go ndéanann an foréigean ar an teilifís dochar don mheabhairshláinte (Ó Ríordáin *et al.* 1997: 43).

Tagairtí sa leabharliosta ag deireadh an ailt

Braitheann leagan amach na dtagairtí iomlána sa leabharliosta ar an gcineál saothair atá i gceist (leabhar iomlán, aiste i leabhar, alt in iris, srl.) Seo a leanas na cineálacha foinsí is coitianta:

a) **Leabhar le húdar amháin:**
SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) *TEIDEAL AN LEABHAIR*. ÁIT FOILSITHE: FOILSITHEOIR.

Ó Ríordáin, S. (1952) *Eireaball Spideoige*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill.

b) **Leabhar le beirt údar:**

SLOINNE, CÉADLITIR AINM ÚDAR (1) agus SLOINNE, CÉADLITIR AINM ÚDAR (2). (BLIAIN) *TEIDEAL AN LEABHAIR*. ÁIT FOILSITHE: FOILSITHEOIR.

Scott, J. agus Marshall, G. (2009) *Oxford Dictionary of Sociology*. Oxford: Oxford University Press.

c) Leabhar le triúr údar nó níos mó:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM ÚDAR (1), SLOINNE, CÉADLITIR AINM ÚDAR (2) agus SLOINNE, CÉADLITIR AINM (3). (BLIAIN) *TEIDEAL AN LEABHAIR*. ÁIT FOILSITHE: FOILSITHEOIR.

Ó Duibhir, P., Nig Uidhir, G., Ó Cathalláin, S., Ní Thuairisg, L. agus Cosgrove, J. (2015) *Anailís ar mhúnlaí soláthair Gaelscolaíochta (Tuairisc Taighde)*. Béal Feirste: An Coiste Seasta Thuaidh Theas ar Ghaeloideachas.

d) Leabhar arna chur in eagar:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN EAGARTHÓRA (eag.) (BLIAIN) *TEIDEAL AN LEABHAIR*. ÁIT FOILSITHE: FOILSITHEOIR.

Crowell, S. (eag.) (2012) *The Cambridge Companion to Existentialism*. Cambridge: Cambridge University Press.

e) Caibidil i leabhar arna chur in eagar:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) 'TEIDEAL NA CAIBIDLE'. In: SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN EAGARTHÓRA (eag). *TEIDEAL AN LEABHAIR*. ÁIT FOILSITHE: FOILSITHEOIR: LEATHANAIGH.

Ó Coigligh, S. (1980) 'Shaun agus Shem'. In: Ó hAnluain, E. (eag.) *An Duine is Dual: Aistí ar Sheán Ó Ríordáin*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar: 28-60.

f) Alt i nuachtán:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) 'TEIDEAL AN AILT'. In: *TEIDEAL AN NUACHTÁIN*, DÁTA: LEATHANACH (MÁS FÉIDIR).

Ahern, M. (1966) 'Language Discussion'. In: *The Irish Times*, 5 Iúil 1966: 9.

Alt gan ainm:

I gcás ailt nach fios cé a scríobh, cuirtear teideal an leabhair (nó an nuachtáin, nó an irisleabhair) in áit ainm an údair. Cloítear leis an ngnáthstíl tagartha ina dhiaidh sin, mar shampla:

The Kerryman. (1905) 'The American Letter'. In: *The Kerryman*, 30 Meán Fómhair 1905: 9.

g) Alt in iris:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) 'TEIDEAL AN AILT'. In:

TEIDEAL NA hIRISE IMLEABHAR (EAGRÁN): LEATHANAIGH.

Ó Ríordáin, S. (1963) 'An taisceadán'. In: *Comhar* 22 (6): 27-29.

h) Alt in iris leictreonach agus seoladh DOI luaite leis:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) 'TEIDEAL AN AILT'. In: *TEIDEAL NA hIRISE* IMLEABHAR (EAGRÁN). DOI: AN SEOLADH DOI [faighte DÁTA].

Ó Drisceoil, P. (2015) 'Mediae Noctis Consilium – céadfhoilsiú Cúirt an Mheán Oíche le Brian Merriman'. In: *COMHARTaighde* 1. DOI: http://dx.doi.org/10.18669/ct.2015.01 [faighte 24 Samhain 2015].

i) Alt in iris leictreonach gan aon seoladh DOI luaite leis:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) 'TEIDEAL AN AILT'. In: *TEIDEAL NA hIRISE* IMLEABHAR (EAGRÁN) / DÁTA FOILSITHE. Ar fáil ag: URL [faighte DÁTA].

Gelernter, D. (2014) 'The closing of the scientific mind'. In: *Commentary Magazine*, 1 Eanáir 2014. Ar fáil ag: www.commentarymagazine.com/articles/the-closing-of-the-scientific-mind [faighte 20 Eanáir 2016].

j) Tráchtas neamhfhoilsithe:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) *TEIDEAL AN TRÁCHTAIS*. Tráchtas [CINEÁL TRÁCHTAIS], AINM INSTITIÚIDE, (neamhfhoilsithe).

Aiken, S. (2015) *Pádraig Ó hÉigeartaigh: File, Gael agus Deoraí Springfield, Mass*. Tráchtas M.A., Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (neamhfhoilsithe).

k) Leathanach ar shuíomh idirlín:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR / ÚINÉIR AN LEATHANAIGH. (BLIAIN) 'TEIDEAL AN LEATHANAIGH'. Ar fáil ag: URL [faighte DÁTA].

Moran, P. (2012) 'Maps for Early Irish Studies'. Ar fáil ag: http://www.pmoran.ie/archives/143 [faighte 20 Meán Fómhair 2016].

*Mura mbíonn ainm an údair ar fáil agus tagairt á déanamh do shuíomh idirlín, cuirtear isteach úinéir an leathanaigh nó ainm na heagraíochta atá i gceannas ar an suíomh. Mar shampla:
An Fhéile Bheag Filíochta. (2016) 'Aíonna Oirirce'. Ar fáil ag: http://www.feilebheagfiliochta.com/aoispeisialta2016.html [faighte 20 Meán Fómhair 2016].

l) *Ábhar aistrithe:

SLOINNE, CEADLITIR AINM AN BHUNÚDAIR. (BLIAIN) 'TEIDEAL AN AISTRIÚCHÁIN'. Aistrithe ag SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN AISTRITHEORA. In: SONRAÍ AN LEABHAIR/IRISLEABHAIR INA BHFUIL AN tAISTRIÚCHÁN.

Ó hÉigeartaigh, P. (1979) 'A Father Keens His Drowned Child'. Aistrithe ag Mac Piarais, P. In: Ó Buachalla, S. (eag.) *The Literary Writings of Patrick Pearse: Writings in English*. Dublin/Cork: Mercier Press: 47-48.

*Sa sampla seo is i leabhar arna chur in eagar atá an t-aistriúchán ar fáil. Dá mba in irisleabhar, i nuachtán nó ar shuíomh gréasáin a bheadh sé, bheadh deireadh na hiontrála thuas le coigeartú. Mar shampla:
Ó hÉigeartaigh, P. (1911) 'Ochón, a Dhonnchadh'; 'A Father Keens His Drowned Child'. Aistrithe ag Mac Piarais, P. In: *The Irish Review* 1 (3): 138-141.

m) Agallamh:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN AGALLAÍ. (BLIAIN) Agallamh le AINM IOMLÁN AN AGALLAÍ (AON EOLAS ÁBHARTHA FAOIN AGALLAÍ), LOG AN AGALLAIMH, DÁTA AN AGALLAIMH.

Mac Aonghusa, M. (2013) Agallamh le Mícheál Mac Aonghusa (ball den eagraíocht Misneach), Baile Átha Cliath, 5 Feabhra 2013.

n) Foinse chraolta:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN CHRAOLTÓRA/LÁITHREORA. (BLIAIN) *TEIDEAL AN CHLÁIR*. CAINÉAL CRAOLTA, DÁTA. Ar fáil ag: URL (MÁS FÉIDIR) [faighte DÁTA].

Browne, P. (2012) *The Rolling Wave*. RTÉ Raidió a hAon, 26 Feabhra 2012. Ar fáil ag: http://www.rte.ie/radio1/the-rolling-wave/archive/2012/0104/350217-20122/ [faighte 10 Bealtaine 2015].

o) *Ábhar cartlainne:

SLOINNE, CÉADLITIR AINM AN ÚDAIR. (BLIAIN) *TEIDEAL AN tSAOTHAIR*. TEIDEAL/UIMHIR AN CHOMHAID. In: AINM AGUS SEOLADH NA CARTLAINNE.

Ó Riada, S. (1959) *Sraith Mhise Éire*. Scóir neamhfhoilsithe bhearnacha, BL/PP/OR/502. In: Bailiúchán Sheáin Uí Riada, Leabharlann Boole, Ollscoil Chorcaí.

*Ní i gcónaí a bhíonn an t-eolas seo ar fáil i gcás ábhar cartlainne. Cuirtear oiread is féidir isteach.

6.0 Réiteach teicniúil agus inneachar ilmheán

Is é Ronan Doherty atá ina chomhairleoir teicniúil na ríomhirise. Is féidir míreanna áirithe ilmheán a úsáid i gcorp na n-alt a fhoilsítear in COMHAR*Taighde* ach iad a bheith ag teacht le critéir áirithe (féach thíos). Níl sé riachtanach, ar ndóigh, go mbainfí úsáid as aon inneachar ilmheán mar chuid den alt a chuirtear ar fáil.

Is féidir comhaid fuaime agus físe a leabú in alt ar bith a fhoilsítear sa ríomhiris.

Is féidir iarratais i dtaca le cineálacha eile inneachair a phlé leis an bhfoireann eagarthóireachta roimh ré. Ba chóir go sásódh an úsáid a bhainfí as aon inneachar ilmheán na critéir seo a leanas chun go gceadófaí é in alt a d'fhoilseofaí sa ríomhiris:

- Ba chóir go gcuirfeadh an leas a bhaintear as míreanna ilmheán go suntasach leis an léirmhíniú agus/nó leis na conclúidí san alt trí chéile;
- Ní fhéadfaí an t-eolas céanna a chur i láthair go slachtmhar mar chuid den téacs, i dtábla, nó mar fhigiúr; agus
- Foilseofar na hailt in COMHAR*Taighde* mar leathanaigh ghréasáin agus i bhformáid PDF. Ní bheifear in ann míreanna ilmheán a cheadú sna leaganacha PDF de na hailt agus níor mhór, dá réir sin, go mbeadh téacs gach ailt fós sothuigthe nuair nach mbeadh an t-inneachar ilmheán ar fáil don léitheoir.

Is faoin údar a bheidh sé a chinntiú go bhfuil an cóipcheart agus/nó an ceadúnas cuí ar fáil maidir le haon inneachar a dhéanfar a atáirgeadh. Ní ghlacfar le haon inneachar nach mbaineann na cearta cuí leis.

Más mian leat inneachar ilmheán a úsáid mar chuid de d'alt moltar tagairt a dhéanamh don inneachar sin sa dréacht a chuirfidh tú faoi bhráid COMHAR*Taighde* ach ní gá go gcuirfí an t-ábhar féin ar fáil sula nglacfaí le d'alt. Má ghlactar le d'alt déanfaidh comhairleoir teicniúil na ríomhirise teagmháil leat chun na féidearthachtaí i dtaca le leas a bhaint as míreanna ilmheán a phlé.

7.0 Tacaíocht

Fiontar de chuid COMHAR í an ríomhiris seo le tacaíocht ó Fhochoiste na bhFoilseachán de Choiste Léann na Gaeilge, Litríocht na Gaeilge agus na gCultúr Ceilteach, Acadamh Ríoga na hÉireann.

8.0 Teagmháil

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis na heagarthóirí le ceisteanna a chur faoin iris nó le halt a chur ar fáil, ag comhartaighde@comhar.ie.